

MUINNTIR ÁILLE (ADLEYS.)

Bhi cúigear no seisear dréathar acab ann, agus iad ina gcomhnuidhe i Muigh Inse. Bhí triúr acab a gliomadóireacht agus ag iasgach. Tháinig siad isteach ag á' n'athair agus bhí an sean Áilleach aosta. Nuair a tháinig siad san oidhche – triúr acab dubhairt siad le na n'athair "is muide a chonnaic an cnoc éisg is mú dhá bhfaca aon fhear ariamh aniar ó Sceirde indiu agus níl fhios againn céurd sórt iasg a bhí ann." "Ó gliomaigh" adeir sé. "Cáil na potaí curtha anocht agaibh" adeir sé "tá siad ar Maidhin an Bhoidh Gorm againn." "Gabhaidh amach go beo" adeir sé "agus tugaí as iad agus cuirí ar mhaidhin Oileán Lachan iad." Chuaigh siad amach agus thóig siad na potaí isteach 'sa mbád agus sheoil siad isteach gur chuir siad ar Mhaidhim Oileán Lachan iad. Nuair a d'eirigh siad ar maidin "anois" adeir a' t-athair má tá gliomaigh agaibh indiu níl aon chál díbh a theacht abhaile ná fiarruigh dhíom-sa cá gcuirfidh sibh iad ach cuirí iad le cladach Oileán Lachan agus le Cladach Mhuigh Inse.

Nuair a chuaidh siad amach bhí na potaí lán le gliomaigh agus chuir siad aríst iad mar dubhairt sé leóthab le taobh oileán Lachan agus le tóin Mhuigh Inse. Nuair a bhí a gabhail amach lár na mháireach dubhairt sé. "Anois a chlann má tá gliomaigh indiu agaibh mar bhí indé cuirfidh sibh na potaí indiu le tóin Ínse agus le Carraig Bháird agus Carraig na bhFreangach. Nuair a chuaidh siad amach ansoin agus thóig siad na potaí chuir siad aríst iad san áit ar dhubhairt sé leóthab – le Carraig Bháird le tóin Ínse agus soir a' bealach sin.

Nuair a bhí siad a gabhail amach lár na mháireach dubhairt sé leóthab "má tá gliomaigh agaibh indiu cuirfidh sibh na potaí aríst timceall ar Leic a Ruathair agus soir le ceann Bheara. Nuair a bhí siad a gtabhail amach lár na bháireach "fagaí na potaí sa mbád anois" adeir sé "agus tugaí a'm sa ceann de na gliomaí anseo agus beidh fhios a'm sa ceann taobh a ndeachaig siad." Nuair a thainig siad abhaile bhí gliomachh acab leag sé an gliomach ar an urlár agus nuair a shuimnigh an gliomach dfiarruigh sé cé'n chaoi a raibh agaidh an ghliomaigh agus dubharadh leis gur amach. "Bhoil" adeir sé cuirí na potaí síos le Fraoch Oileán anocht agus ma bhíonn gliomaigh agaibh anois na teagaí abhaile ach leanaí soir ag na Dásachaí iad agus soir le cladach do dtéigh sibh go dtí Cora an Tobair," agus sin é an chaoi ar lean clann Áille na gliomaigh o Mhuigh Inse go Cora an Tobair.

Nuair a thainig siad abhaile ansoin agus dhíol siad a gcuid gliomaigh dubhairt siad leóthab fhéin gur mhaith an ceart dóibh a dhul suas ar an mBeirteach Bhuidhe oidhche eicint. Bhí an-trágh oistirí ar an mBeirteach Bhuidhe san ám seo agus daoine ag tabhairt aire dhóib. Chuaigh siad ann ansoin oidhche bhreagh ghealaigh agus leig siad an bád mór a bhí acab ar thalamh ins an áit a raibh na hoistirí rus nach raibh orrtab ach bheith 'gá gcur isteach mar bheidhfhea a cur isteach móna. Bhí an tráigh chomh breagh ansoin go raibh siad ghá gcur isteach go raibh an bád lán acab. Nior hairigheas ariamh iad go raibh an bad ar snamh aríst. An bád aireachas a bhí ann ansoin d'arduigh sí séol agus lean sí iad bhí sí teach leothab lag a ghaoth agus bhí sí teacht suas ansoin ní bhfearr leóthabh. Bhí séol mór eile sa mbad acab agus chroch siad ar an taobh eile dhe'n bhad é agus chuir siad dhá bhuile iomra an deire

uirthi agus thug siad Cuan na Gaillimhe orrthab fhéin. Ní raibh ag an mbád eile ansoin ach filleadh abhaile.

Dhíol na hÁille luach deich bpunt oicead dhe oistirí i nGaillimh. Níor bhain na hÁille aon fhód mona ariamh. Nuair a bhíodh siad a dhul ag baint mhóna séurd deireadh a máthair “teighigí ag iascach ní dheachaidh aon phota síos ariamh nar fritheadh teine le na chur aníos.”

Bfhearr leithi iad a dhul ag iasgach na a bainnt mhóna. Se na ainmneacha a bhí ortha Micil, Colm, Maitias, Tóna agus Séamus bféidir go raibh níos mó acab ann freisin. Ní raibh fir farrige a’ bith a bhfearr ná iad ach a gcliabhain (cliabhain) Búrcach a bhí sa gcliabhain seo agus ní raibh sé in aon bhád ariamh go dtáinig sé go MuighInse.

Tháinig a cliabhain seo go Muigh Inse an aonfeacht le na athair ina cheannuidhe. Sé an chaoín mbíodh an tathair a feannadh beithidheach agus caiple. Phós duine dhe na hÁille ingean an Bhúircín bhíodh an Búrcacg óg ansoin ag imteacht an aonfeacht le na hÁille agus sa deireadh ní raibh aon duine i ndon a ghnó a mhúineadh dhó ar a’ bhfairrige’

24/4/32.